Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

CLIL FCÁT

# Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)

## Cruinniú tacaíochta a 1 ar líne

*Tús Maith Leath na hOibre*

CC BY NC

# Nósanna Zoom do na Cruinnithe



Cuir do cheamara ar siúl.



Múch an micreafón nuair nach bhfuil tú ag caint.



Rannpháirtíocht.

# Cuspóirí an tSeisiúin

- Aithne a chur ar a chéile
- Cúlra agus aidhm an tionscnaimh
- An clár ama & cruinnithe zoom
- Do ról mar theagmhálaí scoile
- An dialann mhachnaimh
- Creat don FCÁT – Ag cur lenár dtuiscint
- Ceisteanna






# Cur in aithne

*Roinn an t-eolas seo i leanas;*

D' ainm agus ainm do scoile

An t-ábhar don tionscadal seo (agus aon ábhar eile atá ar siúl sa scoil)

Do thaithí ar FCÁT

Do thnútháin leis an tionscadal seo



# Ábhar Machnaimh

*"Irish depends on the attitudes, efforts, and commitment of individual schools and teachers in a way that other subjects do not."*

(Harris, 2007, lch 37-38)

# Tionscadal FCÁT 2025/2026

Stair   Scéim Píolótach 2019-2024


SFGM/PDST – FCÁT Bunscoile:

SSM/JCT – FCÁT Iar-Bhunscoile

Scéim na Roinne Oideachais FCÁT 2024-2028

Bliain 1 – Bunscoile

Bliain 1 – Iar-bhunscoile


An Roinn Oideachais
Department of Education

An Tionscadal Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) don Ghaeilge 2025/26

Cuireadh do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla

# FCÁT- Tionscadal don Ghaeilge 2025/26

**Bunleibhéal:**

Na Naíonáin
Rang a 5 / Rang a 6
Corpoideachas
An Chéad Bhliain sa togra

Mata
An Dara Bliain sa togra

Ábhar eile nó mata/ corpoideachas 2025/26
An Tríú Bliain sa togra

**Iar-bhunleibhéal:**

Ábhar oiriúnach ar bith

# FCÁT- Tionscadal na Roinne

I measc na mbuntáistí do scoláirí tá:

- **Feabhas ar spreagadh agus eolas na scoláirí** sa **Ghaeilge** agus san **ábhar** araon
- Feabhas ar **scileanna cognaíocha** na scoláirí, ar nós **smaointeoireacht ardoird agus criticiúil**
- Forbairt ar **Fheasacht agus eolas cultúrtha.**
- Forbairt ar **straitéisí teanga agus cumarsáide.**

# FCÁT- Tionscadal na Roinne

I measc na mbuntáistí do mhúinteoirí tá**:**

- Méadú ar dheiseanna **d'fhorbairt ghairmiúil -** tuiscint ar an **gcur chuige FCÁT**, ar na **prionsabail oideolaíochta** atá mar bhunús le FCÁT, ar **oideolaíochtaí eile** teagasc teanga
- Deiseanna **comhoibriú le comhghleacaithe**, chomh maith le múinteoirí ó shuíomhanna agus scoileanna eile
- **Leibhéil spreagtha ardaithe** maidir le foghlaim na Gaeilge i measc foghlaimeoirí ina gcuid ranganna.

# Clár Ama an Tionscadail agus Na Cruinnithe Seachtainiúla ar líne

Oide

Cruiniú:12-1

Cruinniú: 2-3

Cruinniú:1-2

Cruinniú: 3-4

23ú Feabhra

LÁ EFG in IO Chill Dara 10.30 – 4.00

Aiseolas: 11-12

**EANÁIR**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

**FEABHRA**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| | | | | | | |

**MÁRTA**


| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | 30 | 31 | | | | |

# Ról an Teagmhálaí Scoile:

Conas gur féidir liom tacú leis na múinteoirí eile ar an bhfoireann?

- Eolas ón gcruinniú a roinnt leo
- Seiceáil isteach leis na múinteoirí eile le tuairmí agus smaointe a phlé agus a lorg
- Cruinnithe gearra lena chéile (Dialann Mhachnaimh a phlé)
- Cáipéis ar Google Drive (nó a mhacashamhail) a thosú do cheisteanna
- Piarbhreathnóireacht - na deiseanna don fhoghlaim ghairmiúil agus féidearthachtaí a iniúchadh
- Smaointe eile?

# Cad a tharlóidh ar líne gach seachtain




1. Duine amháin ar a laghad ó gach scoil i láthair gach seachtain
2. Iniúchadh ar dhul chun cinn na seachtaine roimhe
3. Dialann Mhachnaimh
4. Ag machnamh agus ag pleanáil don chéad seachtain eile
5. Straitéis an Lae. Díreofar isteach ar stráitéis/ghné éigin de FCÁT.

# Ag baint leas as an Dialann Mhachnaimh

Déan cinnte go bhfuil sé líonta gach seachtain le breith ar an bhfoghlaim (d'fhoghlaim mar mhúinteoir FCÁT agus foghlaim an scoláire)

Bíodh sé os do chomhair agus nótaí ann ó na múinteoirí eile sa scoil atá ag tabhairt faoin tionscadail FCÁT (más ann dóibh)

Is duitse amháin an dialann seo le cabhrú leat iniúchadh a dhéanamh ar chur chuige FCÁT i do theagaisc.



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Príomhthréithe FCÁT


CC BY NC

# Cad is FCÁT ann?

- I gcás CLIL, múintear ábhar eile an churaclaim trí theanga eile (teanga nach máthairtheanga an pháiste í), ionas go bhfoghlaimítear an t-ábhar trí mheán na sprioctheanga.
- ‘In short, CLIL is a dual- focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content and language’.

*(Mehisto et al., 2008, lch 9).*





**Acmhainní ar Shuíomh Oide**
https://oide.ie/ga/irish-medium/baile/fcat/

# Príomhthréithe FCÁT






- Béim ar an ábhar **agus** ar an teanga
- Foghlaim thascbhunaithe
- Deiseanna cumarsáide lánbhrí
- Réamh-mhúineadh foclóra agus téarmaíochta
- Idirtheanga



# Déan Machnamh agus Breac Nóta

Cad é do thuiscint mar mhúinteoir faoi láthair ar na gnéithe seo?


- Ábhar
- Cumarsáid
- Inniúlacht
- Pobal
- Cognaíocht





Beimid ag díriú ar na gnéithe seo san FCÁT anois.

# Múnla 4C FCÁT - Na Bloic Thógála

Oide




Coyle et al. (2010, lch 41)


# Creat FCÁT (Ollscoil Uladh)

**Roinn 2:** Na 5 Chomhphháirt i gcur chuige FCÁT

Comhtháthaíonn ceachtanna FCÁT cúig chomhpháirt. Ní hamháin go gcuimsíonn siad **Ábhar** agus Foghlaim Teanga **(Cumarsáid)**, ach scileanna smaointeoireachta **(Cognaíocht)**, ráitis 'Is Féidir Liom' **(Inniúlacht)**, agus tuiscint ar an tslí a mbaineann an t-ábhar le saol foghlaimeoirí lasmuigh den timpeallacht foghlama **(Pobal)**.





Léaráid 1: Na 5 Chomhpháirt san FCÁT




(Ó Dónaill, 2024)

# Creat FCÁT (Ollscoil Uladh) sa Phleanáil




Lch 27




**Aguisín I: Teimpléad le haghaidh Ceacht FCÁT a phleanáil**

| Plean Ceachta FCÁT | |
|---|---|
| **Teideal an Cheachta** | |
| **Ábhar** | |
| **Leibhéal foghlaimeora** | |
| **Torthaí foghlama beartaithe** | |
| Nithe a bhainfidh foghlaimeoirí amach faoi dheireadh an cheachta seo:<br>M.sh. beidh cur amach ag na foghlaimeoirí ar ... / cuirfear le feasacht na bhfoghlaimeoirí faoi ... / beidh foghlaimeoirí in ann ...<br>Toradh (1)<br>Toradh (2) Srl. | |
| **Na 5 C á gcur i bhfeidhm** | |
| **Ábhar:**<br>**Cumarsáid:**<br>**Cognaíocht:**<br>**Inniúlacht:**<br>**Pobal:** | |
| **Ábhair le húsáid** | |
| Liostaigh na crua-earraí, bogearraí agus ábhair pháipéir a bheidh de dhíth. Smaoinigh ar aon riachtanais scaflála a d'fhéadfadh a bheith ag na foghlaimeoirí. Maidir le haonaid Clilstore, tabhair mionsonraí ar ábhar agus foinse an ábhair closamhairc, agus pléigh aon chleachtaí nó naisc a cuireadh leis an aonad. | |
| **Modheolaíocht** | |
| Réasúnaíocht maidir le roghnú na n-ábhar foghlama | |
| Ról an mhúinteora le linn an cheachta | |
| Ról an fhoghlaimeora le linn an cheachta | |
| Gníomhaíochtaí foghlama | |



Faigh nasc don acmhainn seo sa bhosca comhrá.




# Ábhar

Tagraíonn **ábhar** do na téamaí, na creidimh, na hiompraíochtaí, na coincheapa agus na fíricí a bhaineann le réimse foghlama nó 'ábhar' acadúil.

… eolas, scileanna, luachanna & dearcthaí atá le foghlaim.

Déanann múinteoirí ceachtanna a fhorbairt bunaithe ar réamheolas na scoláirí agus cuidíonn siad leo eolas agus scileanna nua a thógáil.





(Ó Dónaill, 2024, lch 5)

# Cumarsáid

Le FCÁT, labhraíonn múinteoirí i bhfad níos lú, toisc nach mbíonn a sáith eolais ar an spriocteanga ag na scoláirí le bheith ag foghlaim ar an mbealach seo.

Ina áit sin, déanann na scoláirí ag an iar-bhunleibhéal staidéar le chéile agus oibríonn siad i ngrúpaí, ag caint lena chéile chomh maith leis an múinteoir, ag úsáid an oiread den teanga nua agus is féidir leo.




(Ó Dónaill, 2024)

# Cumarsáid

Ní mór don mhúinteoir FCÁT machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo:


- **Cén cineál cumarsáide a mbeidh na foghlaimeoirí páirteach inti** (e.g. scríofa, labhartha, obair bheirte, obair ghrúpa, struchtúrtha/neamhstruchtúrtha)?
- **Cén teanga a bheidh úsáideach don chumarsáid sin** (e.g. téarmaí, múnlaí cainte atá oiriúnach don ábhar)?
- **Cén scafláil is féidir liom a sholáthar** (e.g. gluaiseanna, áiseanna tagartha, gníomhaíochta foghlama a fhéachann le gnéithe casta den ábhar a dhéanamh níos fusa a thuiscint)?

(Ó Dónaill, 2024, lch.5)

# Inniúlacht

Déanann ráitis ‘is féidir liom’ cur síos ar thorthaí ceachta, mar shampla, ‘Is féidir liom achar triantáin a ríomh’, ‘is féidir liom léarscáil a tharraingt’.

Smaoiníonn múinteoirí FCÁT ar na ráitis ‘is féidir liom’ ar mhaithe leis na foghlaimeoirí a bheith in ann iad a bhaint amach tar éis an cheachta.




(Ó Dónaill, 2024, lch 6)

# Pobal

Cuidíonn múinteoirí FCÁT le scoláirí an méid a fhoghlaimíonn siad a cheangal leis an domhan timpeall orthu. Feiceann na scoláirí nach ábhar scoile amháin atá i gceist leis an méid a fhoghlaimíonn siad, ach rud a bhaineann leis an saol mar atá.




Mar sin, ní mór don mhúinteoir FCÁT smaoineamh ar an méid seo:

- Cén bhaint atá ag an gceacht seo le saol laethúil agus timpeallacht an scoláire?
- Cén nasc atá ag an gceacht leis an bpobal nó leis an gcultúr lena mbaineann na scoláirí, mar dhuine aonair nó mar ghrúpa sóisialta?
- An bhfuil nasc ag an gceacht le cultúir eile fosta?

(Ó Dónaill, 2024, lch 5–6)

# Cognaíocht

I bhfad sular tugadh cur chuige FCÁT isteach, bhíodh sé de nós ag múinteoirí maithe oiliúint a chur ar scoláirí maidir **leis an dóigh lena n-intinn a úsáid go neamhspleách, agus machnamh a dhéanamh ar ábhair as a stuaim féin**.

Rinne Tacsanomaíocht Bloom (1956) scileanna éagsúla smaointeoireachta a chatagóiriú mar Scileanna Smaointeoireachta Ísealoird (SSI) agus Scileanna Smaointeoireachta Ardoird (SSA).




(Ó Dónaill, 2024, lch 6)


# Machnamh Arís – Déan comparáid

Anois, an bhfuil aon tuiscint nó tuairim sa bhreis agat ar cad is brí le  Ábhar, Cumarsáid, Inniúlacht, Pobal agus Cognaíocht i gcomhthéacs FCÁT agus i do chomhthéacs ranga féin.



Am Machnamhach

**Tuairimí nó ceisteanna?**



# An tSeachtain Seo

Cad a dhéanfaidh mé idir seo agus an Mháirt seo chugainn?

- Pobal foghlama dearfach (sa rang Gaeilge agus i rang an ábhair)
- Dialann Mhachnaimh

# An Chéad Zoom Eile

**EANÁIR**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

Cruinniú:12-1

**Dé Máirt, 27 Eanáir @ 12**

# Tagairtí


Coyle, D. (2008). CLIL—A pedagogical approach from the European perspective. In N. H. Hornberger (Ed.), *Encyclopedia of Language and Education* (pp. 97–111). Boston, MA: Springer US. https://doi.org/10.1007/978-0-387-30424-3_92

Harris, J. (2007). National trends in achievement in Irish listening at primary level: A challenge for language revitalisation and language policy. In M. Conrick & M. Howard (Eds.), From Applied Linguistics to Linguistics Applied: Issues, Practices, Trends (Vol. 22, pp. 25–42). British Association of Applied Linguistics.

Mehisto, P., Marsh, D., & Frigols, M. J. (2008). *Uncovering CLIL content and language integrated learning in bilingual and multilingual education*. New York, USA: Macmillan Education.

Ó Dónaill, C. (2024) 'Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT) Ó Theoiric go Cleachtas' (Ollscoil Uladh)

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Ticéad Amach

Scríobh síos smaoineamh amháin a fuair tú ó inniu san áis chomhrá nó seol ríomhphost chugainn

**Go raibh míle maith agaibh!**

CC BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

CC BY NC

FCÁT CLIL

Oide

# Clár Ama an Tionscadail agus Na Cruinnithe Zoom Seachtainiúla

# Clár Ama an Tionscadail agus Na Cruinnithe Seachtainiúla ar líne

Cruinniú:12-1

Cruinniú: 2-3

Cruinniú:1-2

Cruinniú: 3-4

Tacaíocht Leanúnach ó Fhoireann Trasearnála Oide

Aiseolas: 11-12

**EANÁIR**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

**FEABHRA**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| | | | | | | |

**MÁRTA**

| D | L | M | C | D | A | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | 30 | 31 | | | | |

# Dialann Mhachnaimh


Oide

FCÁT

Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga

Dialann Mhachnaimh an Mhúinteora

Ainm:

Scoil:

Rang:

DRÉACHT

Deis ag gach scoil ionchur a dhéanamh anseo